BEALTAINE 2024

# NUACHTLITIR

## LE TEACHT



Tá ár seachtain Rothaíochta faoi lánseol agus beidh an bus rothaíochta ag feidhmiú gach maidin an tseachtain seo, ag imeacht ó Bhóthar Bulfin ag 8:30. Beidh na páistí ag rothaíocht freisin le Múinteoir Seán agus beidh eolas faoi seo á roinnt ar Aladdin.

Our Cycling week is up and running and the cycling bus will operate every morning this week, departing from Bulfin Road at 8:30. The children will also be cycling with Múinteoir Seán and information about this will be shared on Aladdin.



**Seachtain Gníomhach**
**17ú-21ú Meitheamh**

**Active Week**
**17th-21st of June**

Green-Schools

Tá áthas orainn a chur in iúl daoibh gur éirigh linn inár n-iarratas ar an mBrat Glas. Bronntar an Brat Glas ar scoileanna atá tar éis a ndícheall athruithe dearfacha agus tioncharacha a dhéanamh a rachaidh chun tairbhe na timpeallachta. Ba mhaith liom comhghairdeas a dhéanamh leis an gcoiste a d'oibrigh faoi stiúir an Mhúinteor Seán as an éacht iontach seo.

We are delighted to inform you that we have been successful in our bid for the Green Flag. The Green Flag is awarded to schools that have strived to make positive and impactful changes that benefit the environment. I would like to congratulate the committe who worked under the stewardship of Múinteoir Seán for this great achievement.

THE LUNCH BAG
EMPOWERED, EDUCATED EATING

Tá dáta sealadach 28 Bealtaine tugtha dúinn do thús Chlár na mBéilí Te i nGaelscoil Inse Chór. Scaipfear eolas faoin gcaoi a n-oibreoidh an próiseas go luath.


We have been given the provisional dat of May 28th for the commencement of the Hot Meals Programme in Gaelscoil Inse Chór. Information on how the process will work will be circulated soon.

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Rang a 6 agus na tuismitheoirí a chuidigh linn lenár nglanadh suas Gáirdín Lily. Cé go bhfuil roinnt oibre fós le déanamh, rinneamar dul chun cinn iontach.



We would like to thank Rang a 6 and the parents who helped us with our clean up of Gáirdín Lily. While there is still some work to be done, we mad great progress.

Naíonáin Bheaga ag foghlaim faoi thoilleadh agus uisce



Naíonáin Bheaga learning about capacity and water






Chríochnaigh Rang a 5 a gcúrsa rothaíochta le DCC

Rang a 5 completed their course in cycling with DCC.

# An Clinic Rothaíochta



Táimid fíor-bhuíoch do na tuismitheoirí a thug a gcuid ama go cineálta chun an clinic rothar a éascú.




We are very grateful to the parents who kindly gave of their time to facilitate the bicycle clinic.





# An Cóineartú

Comhghairdeachas le páistí Rang a 6 a rinne a nDeimhniú i mí Aibreáin. Buíochas mór do na páistí ar fad a bhí ag canadh sa Chór in éineacht le Múinteoir Cathal agus le Múinteoir Mairéad as iad a ullmhú chomh maith.

Congratulations to the children of Rang a 6 who made their Confirmation in April. A huge thanks to all the children who sang in the Choir along with Múinteoir Cathal and to Múinteoir Mairéad for having them so well prepared.










## Dé Luain

Ranganna 3-6
Iománaíocht le Dean
(G.A.A.)

## Dé Máirt

Ranganna 3 agus 4
Ukulele le Clare

## Dé Céadaoin

An Bus Rothaíochta

Ranganna 5 agus 6
Cispheil

## An Déardaoin

Rang 6
Rámhaíocht

## Dé hAoine

Lúthchleasaíocht

Ranganna Naíonáin Bheaga- Rang a 2

# I ndiaidh Am Scoile

Afterschool

## Dé Luain

## Dé Máirt

Club Fichille

Dramaíocht

## Dé Céadaoin

Club Lego

Dramaíocht

Camógaíocht

## An Déardaoin

Iomáint

Club Déardaoin

## Dé hAoine

Ealaín